



Gairm 1, Cuid B - Snáithe 1 Pobail Ísealcharbóin a Thógáil, Critéir Mheastóireachta

CCAP Gairm 1, Cuid B - Snáithe 1 Critéir Mheastóireachta:							
					Scór/ Ualú Uasta	Méid Íosta is gá	Marcanna bronnta
1		Ábharthacht agus Tionchar:			30	15	0
		Comhlíonann an tionscadal cuspóir Shnáithe 1 maidir le pobal ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil agus is féidir leis tionchar an tionscadail a léiriú go soiléir maidir le cur le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann.					
	a	Comhlíonann an tionscadal cuspóirí Shnáithe 1 maidir le pobail ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil.			7	3.5	0
	b	Cuireann an tionscadal le Plean Chomhairle Contae Chorcaí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029 a sheachadadh agus cuireann sé le spriocanna fuinnimh agus aeráide a bhaint amach.			7	3.5	0
	c	Cuireann an tionscadal le Limistéar Dícharbónaithe Chomhairle Contae Chorcaí.			7	N/B	0
	d	Tugann an tionscadal aghaidh ar Théama 1 Fuinneamh Pobail			1	N/B	0
	e	Tugann an tionscadal aghaidh ar Théama 2 Taisteal.			2	N/B	0
	f	Tugann an tionscadal aghaidh ar Théama 3 Bia agus Dramhaíl.			2	N/B	0
	g	Tugann an tionscadal aghaidh ar Théama 4 Siopadóireacht agus Athchúrsáil.			2	N/B	0
	h	Tugann an tionscadal aghaidh ar Théama 5 Gníomhú Áitiúil ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil.			2	N/B	0
					Scór/ Ualú Uasta	Méid Íosta is gá	Marcanna bronnta
2		Nuálaíocht agus Inscálaitheacht:			20	N/B	0
		Tá nuálaíocht phraiticiúil/nuálaíochtaí praiticiúla agus/nó cuir chuige phraiticiúla sa tionscadal. D'fhéadfaí é a mhéadú nó a mhacasamhlú i bpobail eile tar éis a mhaoinithe. Tá tionchar buan ag an tionscadal.					
	a	Tá an tionscadal nuálach (teicneolaíocht/cuir chuige nua srl). Tabhair faoi deara: Ní mheasfar go bhfuil tionscadail ghriannfhuinnimh fhótavoltaigh nua/nuálach.			10	N/B	0
	b	D'fhéadfaí an tionscadal a mhéadú nó a mhacasamhlú i bpobail eile.			4	N/B	0
	c	Beidh tionchar inláimhsithe agus buan ag an tionscadal tar éis a chur i gcrích.			6	N/B	0
					Scór/ Ualú Uasta	Méid Íosta is gá	Marcanna bronnta
3		Luach ar Airgead:			20	10	0
		Tá na costais a ndéantar iarratas orthu réasúnta, léiríonn siad úsáid éifeachtúil acmhainní agus tá siad i gcomhréir le cáilíocht agus cineál na ngníomhaíochtaí atá beartaithe. Aithnítear aschuir agus torthaí réadúla, sonracha agus ábhartha, atá i gcomhréir le leibhéal na hinfheistíochta.					
	a	Tá na costais a ndéantar iarratas orthu réasúnta, léiríonn siad úsáid éifeachtúil acmhainní agus tá siad i gcomhréir le cáilíocht agus cineál na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.			8	4	0
	b	Lean an eagraíocht is iarratasóir na treoirínte soláthair agus meastar go léiríonn sí luach ar airgead.			6	3	0
	c	Tá aschuir an tionscadail réasúnta don leibhéal infheistíochta is gá.			6	3	0



				Scór/ Ualú Uasta	Méid Íosta is gá	Marcanna bronnta
4		Inghnóthaitheacht:		10	5	0
		Tá an saineolas cuí ag an eagraíocht/comhpháirtíocht chun an tionscadal beartaithe a sheachadadh. Tá an togra soiléir agus comhleanúnach agus is féidir é a sheachadadh laistigh den tréimhse ama. Sonraítear garspriocanna tábhachtacha le míniú ar conas a dhéanfar monatóireacht orthu seo.				
	a	Tá an saineolas cuí ag an eagraíocht/comhpháirtíocht is iarratasóir chun an tionscadal beartaithe a sheachadadh.		2	1	0
	b	Is féidir an tionscadal a sheachadadh laistigh den tréimhse ama agus liostaítear garspriocanna ábhartha.		4	2	0
	c	Tá gach cead agus toiliú pleanála agus rialála is gá ag an eagraíocht is iarratasóir chun an tionscadal a sheachadadh.		4	2	0
				Scór/ Ualú Uasta	Méid Íosta is gá	Marcanna bronnta
5		Cur Chuige Comhpháirtíochta:		10	N/B	0
		Tugtar breac-chuntas soiléir ar aon ról agus freagrachtaí Comhpháirtí/Cuibhreannais le comhaontuithe comhpháirtíochta i bhfeidhm (nuair is infheidhme). Léiríonn an togra conas a bheidh na príomhpháirtithe leasmhara go léir páirteach i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm an togra.				
	a	Cuimsíonn an tionscadal comhpháirtíocht/cuibhreannas le ról agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir.		6	N/B	0
	b	Léiríonn an togra conas a bheidh na príomhpháirtithe leasmhara go léir páirteach i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm an togra.		4	N/B	0
				Scór/ Ualú Uasta	Méid Íosta is gá	Marcanna bronnta
6		Socruithe Rialachais:		10	5	0
		Tá aon chórais rialachais agus bainistíochta airgeadais, rialuithe agus próisis is gá i bhfeidhm chun riachtanais an chláir a chomhlíonadh. Nuair is infheidhme, soláthraítear fianaise maidir le comhlíonadh cánach agus clárú le comhlachtaí ábhartha. Soláthraítear sonraí i leith cuntas teiste maidir le maoiniú stáit eile a bhainistiú.				
	a	Tá na córais rialachais agus bainistíochta airgeadais, na rialuithe agus na próisis riachtanacha go léir i bhfeidhm ag an eagraíocht is iarratasóir chun riachtanais an chláir a chomhlíonadh (lena n-áirítear sonraí PPN nó sonraí CGB agus miontuairiscí faofa).		3	1.5	0
	b	Tá cuntas teiste ag an eagraíocht is iarratasóir ar mhaoiniú stáit a bhainistiú.		3	1.5	0
	c	Tá gach údarú agus/nó ceart rochtana is gá ag an tionscadal ar gach talamh, foirgneamh agus maoin is gá le haghaidh gach obair ghaolmhar is gá don tionscadal		4	2	0